Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/659

4.4.2025

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/659 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 3 Aibreán 2025**

**lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le veinír ó roinnt speiceas *Acer* L. de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 42a(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun cosc a chur ar thabhairt isteach i gcríoch an Aontais *Davidsoniella virescens* (R.W. Davidson) Z.W. de Beer, T.A. Duong & M.J. Wingfield, an phataigin is cúis le galar sú-adhmaid smálaithe na mailpe, tolladóir criathraithe an chrainn tae *Euwallacea fornicatus sensu lato*,, agus *Phytophthora ramorum* Werres, De Cock & Man in 't Veld (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad) ('na lotnaidí sonraithe'), ní fhéadfar adhmad ó roinnt speiceas de chuid *Acer* L., de thionscnamh Cheanada ('an t-adhmad sonraithe'), a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin má chomhlíonann sé ceanglais speisialta phointí 85, 86, 102 agus 111 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]). Is iad na speicis adhmaid lena mbaineann *Acer saccharum* Marsh, *Acer macrophyllum* Pursh, *Acer buergerianum* Miq., *Acer negundo* L., *Acer palmatum Thunb.*, *Acer paxii* Franch., agus *Acer pseudoplatanus* L., dá dtagraítear sna pointí den Iarscríbhinn sin lena mbaineann.

(2) I mí an Mheithimh 2021, chuir Ceanada iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar mhaolú ar na ceanglais speisialta a leagtar síos in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072 maidir leis an adhmad sonraithe i bhfoirm veiníre a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais. Bhí sainchomhad ag gabháil leis an iarraidh sin ina raibh faisnéis theicniúil agus eolaíoch faoi phróiseas táirgthe veiníre, lena n-áirítear veinír mhailpe, sa tír sin agus faoina thionchar ar lotnaidí atá ábhartha don adhmad sonraithe, agus go háirithe ar na lotnaidí sonraithe. Cuimsítear sa phróiseas sin céimeanna amhail cóireáil teasa ar an adhmad cruinn, rúisceadh, bearradh, gearradh agus triomú ardteasa. Rinneadh an sainchomhad sin a fhorlíonadh le faisnéis bhreise i mí Eanáir 2022.

(3) Chuir Ceanada an sainchomhad faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i mí Eanáir 2022. Rinne an tÚdarás anailís ar an sainchomhad agus tháinig sé ar an gconclúid sa tuairim uaidh ([3]) go bhfuil na bearta a dhéantar tuairisc orthu ann in ann láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais a bhaineann le veinír mailpe san adhmad sonraithe a laghdú go leibhéal an-íseal nó na lotnaidí sonraithe a bhaint go hiomlán. Dá bhrí sin, leis an bpróiseas táirgthe le haghaidh adhmad atá beartaithe chun veinír a tháirgeadh i gCeanada, soláthraítear an leibhéal céanna cosanta ar thabhairt isteach na lotnaidí sonraithe agus a sholáthraíonn na ceanglais shonracha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072 maidir leis an adhmad sonraithe de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosantacha in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

([3]) Measúnú riosca tráchtearraí ar leatháin veiníre mailpe ó Cheanada. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2024;22:e8892. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8892.

(4) Leis an bpróiseas táirgthe chun an t-adhmad sonraithe atá beartaithe le haghaidh veinír a tháirgeadh is féidir an riosca a bhaineann leis na lotnaidí sonraithe agus lotnaidí coraintín eile de chuid an Aontais a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais a laghdú go héifeachtach go leibhéal inghlactha, agus ina fhianaise sin, ba cheart cead a thabhairt an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais faoi cheanglais áirithe. Ba cheart a áireamh ar na ceanglais sin scrúduithe agus cóireálacha ar na lomáin a úsáidtear chun veinír a tháirgeadh agus ar an veinír féin.

(5) Ós rud é nár tugadh isteach aon adhmad sonraithe ó Cheanada, adhmad a táirgeadh de réir an phróisis táirgthe thuasluaite, i gcríoch an Aontais go dtí seo agus nár tharla trádáil den chineál sin fós, tá riosca fíteashláintíochta ag baint leis an adhmad sonraithe nach bhfuil measúnú iomlán déanta air go fóill. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ar feadh tréimhse shealadach chun gur féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar an riosca sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta sonracha maidir le hadhmad mailpe (*Acer* L.) atá i bhfoirm veiníre, de thiús de 6 mm nó níos lú agus de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'adhmad sonraithe' adhmad ó *Acer saccharum* Marsh, *Acer macrophyllum* Pursh, Acer *buergerianum* Miq., *Acer negundo* L., *Acer palmatum* Thunb., *Acer paxii* Franch. nó *Acer pseudoplatanus* L., i bhfoirm veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú agus atá de thionscnamh Cheanada;

(b) ciallaíonn 'lotnaidí sonraithe' *Davidsoniella virescens* (R.W. Davidson) Z.W. de Beer, T.A. Duong & M.J. Wingfield, *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Phytophthora ramorum* Werres, De Cock & Man in 't Veld (aonraígh nach aonraígh de chuid an Aontais iad).

*Airteagal 3*

**Maolú ar Rialachán (AE) 2019/2072**

De mhaolú ar na ceanglais speisialta a leagtar amach i bpointí 85, 86, 102 agus 111 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072, féadfar an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(a) comhlíontar na ceanglais a leagtar síos i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) faoin 31 Márta gach bliain, tá tuarascáil bhliantúil curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Cheanada, tuarascáil ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin agus a bhfuil na heilimintí uile a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo inti.

*Airteagal 4*

**Deimhniú fíteashláintíochta**

Beidh deimhniú fíteashláintíochta ag gabháil leis an adhmad sonraithe ar a mbeidh an ráiteas seo a leanas faoin gceannteideal 'Dearbhú breise': 'Comhlíonann an choinsíneacht seo na ceanglais de chuid an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/659 ón gCoimisiún'.

*Airteagal 5*

**Leasú ar Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072**

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 i gcomhréir leis an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm agus tréimhse feidhme**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 30 Meán Fómhair 2029.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Aibreán 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

**CEANGLAIS A BHAINEANN LE TÁIRGEADH AN ADHMAID SHONRAITHE DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3**

1. Ní fhéadfar an t-adhmad sonraithe a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais ach amháin nuair a dheimhníonn Eagraíocht Cosanta Plandaí Náisiúnta Cheanada ar an deimhniú fíteashláintíochta, arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 4, go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas uile i leith an adhmaid shonraithe maidir lena bhaint, a chóireáil agus a shainaithint i gCeanada:

   (a) na lomáin a úsáideadh chun an t-adhmad sonraithe a tháirgeadh, buanadh iad i gcoillte measctha a athghineadh go nádúrtha agus gan aon siomptóim de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais orthu, agus go háirithe de na lotnaidí sonraithe;

   (b) níor fágadh na lomáin san fhoraois tráth níos faide ná 2 mhí tar éis a leagtha;

   (c) cuireadh na lomáin faoi réir scrúdú amhairc chun láithreacht na lotnaidí sonraithe a bhrath;

   (d) léirigh scrúdú amhairc go raibh na lomáin saor ó shiomptóim lotnaidí coraintín an Aontais;

   (e) téadh na lomáin i ndabhach uisce ar feadh 20 nóiméad ar a laghad go dtí go raibh an lár-theocht ag 50 °C;

   (f) baineadh an choirt agus an caimbiam go hiomlán de na lomáin;

   (g) gearradh na lomáin ina leatháin veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú;

   (h) rinneadh na leatháin veiníre a thriomú le teas ar bhealach a d’fhág go raibh cion taise na leathán 12 % nó níos lú;

   (i) rinne údarás inniúil ábhartha Cheanada maoirseacht chórasach ar an nós imeachta téimh dá dtagraítear i bpointe (e) agus ar an nós imeachta triomaithe teasa dá dtagraítear i bpointe (h) ag an láithreán táirgthe ar bhealach lena ráthaítear comhlíontacht leis na pointí sin.

2. Áireofar na nithe seo a leanas i gcás gach láithreán próiseála sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na bliana féilire roimhe sin:

   (a) an méid adhmaid shonraithe a onnmhairítear chuig an Aontas;

   (b) forbhreathnú ar na cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ar an adhmad sonraithe sular onnmhairíodh iad;

   (c) láithreacht na lotnaidí sonraithe a aimsíodh; agus

   (d) i gcás ina n-aimsítear lotnaidí de réir phointe (c), anailís ar na cúiseanna leis na lotnaidí sin a bheith ann, agus na gníomhaíochtaí a rinneadh chun atarlú na lotnaidí sin a chosc.

*IARSCRÍBHINN II*

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

(1) I bpointe 85, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad cholún:

‘Adhmad *Acer saccharum* Marsh., lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige, seachas i bhfoirm:

— adhmad atá beartaithe chun leatháin veiníre a tháirgeadh,

— sliseanna, cáithníní, min sáibh, scamhacháin, dramhaíl adhmaid nó fuíoll adhmaid,

— ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailléad, starráil, cibé acu atá nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta as adhmad den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmad atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmad sa choinsíneacht*

* seachas adhmad i bhfoirm veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú agus de thionscnamh Cheanada, adhmad a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/659 ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2025 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le veiníre ó roinnt speiceas *Acer* L. de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún (IO L, 2025/659, 4.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/659/oj)’;

(2) I bpointe 86, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad cholún:

‘Adhmad *Acer saccharum* Marsh., atá beartaithe chun leatháin veiníre a tháirgeadh*

* seachas adhmad i bhfoirm veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú agus de thionscnamh Cheanada, adhmad a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/659 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le veiníre ó roinnt speiceas *Acer* L. de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072’;

(3) I bpointe 102, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad cholún:

‘Adhmad ó *Acacia* Mill., *Acer buergerianum* Miq., *Acer macrophyllum* Pursh, *Acer negundo* L., *Acer palmatum* Thunb., *Acer paxii* Franch., *Acer pseudoplatanus* L., *Aesculus californica* (Spach) Nutt., *Ailanthus altissima* (Mill.) Swingle, *Albizia falcate* Backer ex Merr., *Albizia julibrissin* Durazz., *Alectryon excelsus* Gärtn., *Alnus rhombifolia* Nutt., *Archontophoenix cunninghamiana* H. Wendl. & Drude, *Artocarpus integer* (Thunb.) Merr., *Azadirachta indica* A. Juss., *Baccharis salicina* Torr. & A.Gray, *Bauhinia variegata* L., *Brachychiton discolor* F.Muell., *Brachychiton populneus* R.Br., *Camellia semiserrata* C.W.Chi, *Camellia sinensis* (L.) Kuntze, *Canarium commune* L., *Castanospermum australe* A.Cunningham & C.Fraser, *Cercidium floridum* Benth. ex A.Gray, *Cercidium sonorae* Rose & I.M.Johnst., *Cocculus laurifolius* DC., *Combretum kraussii* Hochst., *Cupaniopsis anacardioides* (A.Rich.) Radlk., *Dombeya cacuminum* Hochr., *Erythrina corallodendron* L., *Erythrina coralloides* Moc. & Sessé ex DC., *Erythrina falcata* Benth., *Erythrina fusca* Lour., *Eucalyptus ficifolia* F.Müll., *Fagus crenata* Blume, *Ficus* L., *Gleditsia triacanthos* L., *Hevea brasiliensis* (Willd. ex A.Juss) Muell.Arg., *Howea forsteriana* (F.Müller) Becc., *Ilex cornuta* Lindl. & Paxton, Inga vera Willd., *Jacaranda mimosifolia* D.Don, *Koelreuteria bipinnata* Franch., *Liquidambar styraciflua* L., *Magnolia grandiflora* L., *Magnolia virginiana* L., *Mimosa bracaatinga* Hoehne, *Morus alba* L., *Parkinsonia aculeata* L., *Persea americana* Mill., *Pithecellobium lobatum* Benth., *Platanus* x *hispanica* Mill. ex Münchh., *Platanus mexicana* Torr., *Platanus occidentalis* L., *Platanus orientalis* L., *Platanus racemosa* Nutt., *Podalyria calyptrata* Willd., *Populus fremontii* S.Watson, *Populus nigra* L., *Populus trichocarpa* Torr. & A.Gray ex Hook., *Prosopis articulata* S.Watson, *Protium serratum* Engl., *Psoralea pinnata* L., *Pterocarya stenoptera* C.DC., *Quercus agrifolia* Née, *Quercus calliprinos* Webb., *Quercus chrysolepis* Liebm, *Quercus engelmannii* Greene, *Quercus ithaburensis* Dence. *Quercus lobata* Née, *Quercus palustris* Marshall, *Quercus robur* L., *Quercus suber* L., *Ricinus communis* L., *Salix alba* L., *Salix babylonica* L., *Salix gooddingii* C.R.Ball, *Salix laevigata* Bebb, *Salix mucronata* Thnb., *Shorea robusta* C.F.Gaertn., *Spathodea campanulata* P.Beauv., *Spondias dulcis* Parkinson, *Tamarix ramosissima* Kar. ex Boiss., *Virgilia oroboides* subsp. *ferrugine* B.-E.van Wyk, *Wisteria floribunda* (Willd.) DC. agus *Xylosma avilae* Sleumer,

seachas sna foirmeacha seo a leanas:

— sliseanna, min sáibh, scamhacháin agus dramhaíl adhmaid, a fuarthas go hiomlán nó i bpáirt ó na plandaí seo a leanas,

— ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailléad, starráil, cibé acu atá nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta as adhmad den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmad atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmad sa choinsíneacht,

ach lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige*

* seachas adhmad ó *Acer macrophyllum* Pursh, Acer *buergerianum* Miq., *Acer negundo* L., *Acer palmatum* Thunb., *Acer paxii* Franch. nó *Acer pseudoplatanus* L. i bhfoirm veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú agus de thionscnamh Cheanada, adhmad a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/659 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le veiníre ó roinnt speiceas *Acer* L. de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún';

(4) I bpointe 111, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa chéad cholún:

'Adhmad ó *Acer macrophyllum* Pursh, *Aesculus californica* (Spach) Nutt., *Lithocarpus densiflorus* (Hook. & Arn.) Rehd., *Quercus* L. agus *Taxus brevifolia* Nutt., seachas sna foirmeacha seo a leanas:

— ábhar pacáistíochta adhmaid, i bhfoirm cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumaí agus pacáistíocht chomhchosúil, pailléid, pailléid bhoscaí agus cláir lódála eile, coiléir pailléad, starráil, cibé acu atá sé nó nach bhfuil sé in úsáid chun earraí de gach cineál a iompar, seachas starráil a thacaíonn le coinsíneachtaí adhmaid, atá déanta as adhmad den chineál céanna agus den cháilíocht chéanna leis an adhmad atá sa choinsíneacht agus a chomhlíonann na ceanglais fíteashláintíochta chéanna de chuid an Aontais agus a chomhlíonann an t-adhmad sa choinsíneacht, ach lena n-áirítear adhmad nach bhfuil a dhromchla nádúrtha cruinn coinnithe aige*

* seachas adhmad *Acer macrophyllum* Pursh i bhfoirm veiníre de thiús de 6 mm nó níos lú agus de thionscnamh Cheanada, adhmad a fhéadfar a thabhairt isteach san Aontas faoi réir na gceanglas a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/659 lena mbunaítear maolú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le veiníre ó roinnt speiceas *Acer* L. de thionscnamh Cheanada a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún'.